LEABHARLANN CHESTER

BEATTY

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005

TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE `DON BHLIAIN 2005

IONTAOBHAITHE NA LEABARLAINNE 2005

Cathaoirleach

An Dochtúir T.P. Hardiman

An Tiarna Marc Cochrane

An Dochtúir Kate Coleman Moriarty

Dermot Desmond

Joan Duff

An tOllamh Seán Freyne

Elizabeth Maguire

Louise O'Mahony

Madeleine O'Sullivan

An tOllamh Roger Stalley

Aongus Ó hAonghusa

Forléargas

Bhíothas thar bheith gníomhach sa Leabharlann i 2005; bhí roinnt taispeántas tábhachtach ar siúl agus cuireadh ábhar amach ar iasacht chuig taispeántais mhóra thar lear.

Fuarthas breis airgeadú ón Roinn Turasóireachta Spóirt agus Áineasa le haghaidh caipitil agus gníomhaíochtaí reatha agus b'fhusa an taispeántas agus cláir eile na Leabharlainne a chur ar siúl dá bharr. Rinneadh arhghléasadh ar bhonn leanúnach. ar chuimse earraí sa bhailiúchán. Bhí mórchuid den obair déanta ar chlár caomhantais lámhscríbhinní Airméanacha sa tSaotharlann Chaomhantais. I rith an tsamhraidh, a bhuíochas fhialtas Chomhaltaí Rannícoca na Leabharlainne, d'oibrigh Abdul Lateef Usta, Comhalta Caomhantais, ar obair athghléasaithe mionphictiúir Mhógail faoi mhaoirseacht Jessica Baldwin. Is í Iníon Baldwin a rinne obair choimeádaithe don taispeántais *Keeping the Books*: *Preservation and Conservation at the Chester Beatty Library*, ó 8 Feabhra go dtí 2 Bealtaine, arbh é an téama a bhí leis áisiúlacht leanúnach na mbailiúchán a chinntiú do na glúnta atá le teacht. Tuairiscíodh an taispeántas go forleathan sa Phreas é agus bhí freastal mór air.

Tháinig an Comhalta Caomhantais, Louise O'Connor san Fhómhar agus beidh sí ag obair le hIníon Baldwin sa tSaotharlann ar feadh bliana ag fáil taithí oibre.

Ba é *Gardens of Earthly Delight* an taispeántas Samhraidh agus ba é an dara taispeántas a reáchtáladh i gcomhar leis an Graphic Studio. Rith sé ó 27 Bealtaine go dtí 2 Deireadh Fómhair. Bhí saothair naoi n-ealaíontóir chomhaimseartha is fiche ar taispeáint; bhí a dearcadh féin ag gach duine acu ar théama coitianta an ghairdín mar pharthas

domhanda, mar thearmann agus mar áit a mbeadh faoiseamh ar fáil don spiorad. Bhí freastal mór ar an taispeántas agus tuairiscíodh go forleathan sa Phreas é.
Beidh an taispeántas ar siúl in ionaid eile timpeall na hÉireann agus thar lear. Tá an comhoibriú le Graphic Studio bisiúil agus cheana féin tá plé á dhéanamh maidir le comhfhiontar eile.

An 9 Samhain osclaíodh taispeántas *Albrecht Dürer* le cúnamh ó Kupferstichkabinett i mBeirlin agus ó Kunsthalle i mBremen a chuir iasachtaí ar fáil go fial. Ba é Charles Horton a bhí i mbun an taispeántais agus is é freisin a scríobh treoir a d'fhoilsigh Scala Books. Ghlac an pobal agus na meáin go han-fonnmhar leis an taispeántas agus tháinig i bhfad níos mó cuairteoirí ná mar bhíothas ag súil leo ar feadh an chuid eile den bhliain. Ón am a thosaigh sé go ham a dhúnta i 2006 tháinig 78,000 cuairteoirí chuig an taispeántas. Ba léir faoi cheann na bliana agus píosa maith fós fágtha den athbhliain go dtí am a dhúnta, go gcaithfí treoir an taispeántais a chur i gcló in athuair. Is í an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a d'urraigh catalóg thaispeántas Dürer agus an árachas le haghaidh na dtaispeántán iasachta agus is í a thug taca airgeadais go fial.

Thug Ambasadóir na Gearmáine, A Shoilse Christian Frederick Pauls, go fial d'airgead taca tráth ar osclaíodh an taispeántas. Is é an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a d'oscail an taispeántas. Admhaítear freisin an taca a fuarthas ó XCommunications agus táimid buíoch as. Déanfaidh an Leabharlann dlúthdhíosca idirghníomhach dá híomhánna Dürer a chuirfear ar fáil do scoileanna agus a dhíolfar leis an bpobal.

I rith na bliana rinneadh athruithe suntasacha ar na buantaispeántais go háirithe ar an mbailiúchán Ioslamach agus i roinn na hÁise Thoir. Cuireadh ar taispeáint raon nua de mhionphictiúir Indiacha go comhuaineach leis an taispeántas *Gardens of Earthly*

Delight. San áit a bhfuil bailiúchán an Iarthair bhí leabhair a bhain le téama an ghairdín ar taispeáint ag an am céanna leis an imeacht.

Suiteáladh taispeántas de theicstílí Síneacha ó thiomnacht Neville John Iröns agus ó thiomnacht Nichol Campbell i nDánlann na dTraidisiún Ealaíonta agus rinneadh leasuithe do na scrollaí agus na bpriontaí Síneacha agus Seapánacha a bhí ar taispeáint.

D'éirigh go rí-mhaith leis an gcomhdháil *Understanding Islam* i 2004 agus d'eagraigh an Leabharlann i gcomhar leis an Lárionad Cultúrtha Ioslamach sraith leantach de léachtaí am lóin, *Being a Muslim*, dar théama an taithí pearsanta ar chreideamh. Níos deireanaí sa bhliain i lár an tsamhraidh thug an tOllamh Joytindra Jain, stiúrthóir agus bunaitheoir oirirc na daoniarsmalainne Náisiúnta i Delhi, léacht sa Leabharlann mar imeacht speisialta do chomhaltaí agus d'aíonna.

I dteannta na hoibre a rinne sé ag scríobh do chatalóg an taispeántais *The Three Emperors* rinne an Dochtúir Shane McCausland ionadaíocht thar ceann na Leabharlainne i meitheal oibre ASEMUS – líonra d'iarsmalanna an Asia Europe Foundation (ASEF) agus i gcúrsa na bliana thug sí cuairt ar Beijing agus ar Shanghai.

Bítear go síoraí ag déanamh athchóiriú ar thaispeántais, agus ag soláthar seirbhísí oideachais, treorach agus araile agus déantar sin ar bhuiséid an-bheaga go deo. Tá rath ar an obair faoi láthair ach ní féidir coinneáil ar an leibhéal rathúil sin sa mheántéarma gan mhéadú ar líon na foirne.

Chaith an Dochtúir Elaine Wright cuid mhaith den bhliain ag ullmhú do thaispeántas mhionphictiúir Mhógail na Leabharlainne atá le dul ar taispeáint i Stáit Aontaithe

Mheiriceá. Is í atá ag scríobh an chuid is mó den chatalóg agus den trácht. Tá sí ag ullmhú sa Leabharlann freisin leabhar faoi lámhscríbhinní naofa Ioslamacha.

Thug an Leabharlann iasachtaí i rith na bliana do thaispeántais san Acadamh Ríoga (*Turcaigh: Aistear de 1,000 Bliain 600-1600 agus na Trí Impire*); do thaispeántas sa Vatacáin chun ócáid Fógartha Dhogma Ghiniúint Mhuire gan Smál cothrom an ama seo 150 bliain ó shin a cheiliúradh, agus thug mionphictiúr Turcach ar iasacht don taispeántais *West Portrayed by East* i Lárionad an Chultúir Chomhaimseartha, Barcelona.

Bhí Jenny Siung, an tOifigeach Oideachais ag obair i rith na bliana leis an Digital Hub, le Bunscoil Náisiúnta Mhoslamach Bhaile Átha Cliath Thuaidh, leis an mBunscoil Mhoslamach Náisiúnta, le scoil ilchreidmheach Dhún Uí Ghríofa agus le foireann ealaíontóirí chun leabhar ilmheánach do bhunscoileanna a bhí bunaithe ar na bailiúcháin a thabhairt chun críche. Bhí sí ag obair i gcomhar leis an Ark freisin. Thug an Leabharlann taispeántáin ar iasacht do thaispeántas eolaíochta agus thosaigh Iníon Siung ag déanamh socruithe chun tionscadal oideachasúil maidir le Bóthar an tSíoda a chur chun cinn i gcomhar leis an Ark i 2006.

Is trí chlár oideachas na Leabharlainne agus trí na daoine a oibríonn go deonach mar threoraithe, mar ealaíontóirí agus mar theagascóirí ag freastal ar fheiltí páiste agus ag tabhairt cuairteanna ar scoileanna, a chuirtear na céadta uair de ghníomhaíochtaí agus d'fhaisnéis ar fáil don phobal i gcoitinne agus do ghrúpaí scoile.

Cuirtear na céadta uair theagmhála leis an bpobal ar fáil gach bliain. In theannta sin reáchtáiltear féilte sa Leabharlann chun dátaí tábhachtacha i bhféilirí na gcreideamh agus na gcultúr éagsúla a cheiliúradh agus is tríothu siúd a chuidíonn an Leabharlann le chur chun cinn tuiscint na hilchultúrthachta i gcathair Bhaile Átha Cliath agus in Éirinn go ginearálta. Cheiliúir an Leabharlann i mbliana Shavuot (lá teaghlaigh na Cincíse), Féile na Bealtaine do dhaoine atá ag dul in aois, Féile Chultúr an Domhain agus Diwali. Rinneadh ionadaíocht ar a son ag féilte i nGaillimh agus i bPort Láirge. Cuireann Club an tSeiriceáin gníomhaíochtaí éagsúla ar bhun do chuairteoirí óga i rith na bliana. Toisc an méid daoine a bhíonn ag freastal air ní mór an chead isteach a chuir in áirithint.

Chuaigh Eagras na gComhaltaí ó neart go neart faoi threoir Janet Sheahan (Riarthóir) agus Paula Shalloo. Cuireadh ar bun é i 2004 agus anois tá dhá chéad gnáthchomhaltaí san eagras agus roinnt Comhaltaí Rannícoca. D'eagraigh Iníon Sheahan turas go hAntwerp san Earrach chun cuairt a thabhairt ar iarsmalanna, ar dhánlanna agus ar leabharlanna. D'éirigh go maith leis an tionscnamh agus ba é an chéad turas thar lear a rinne comhaltaí Chester Beatty. Ghlac comhaltaí páirt i roinnt imeachtaí agus cuairteanna eile i 2006. Thionóil na comhaltaí sa Leabharlann le haghaidh an dinnéir bhliantúil i Samhain 2006. Is mór is fiú an tacaíocht a thugann na comhaltaí rannícoca d'obair chaomhantais na Leabharlainne agus cuireann na hIontaobhaithe in iúl gur mór acu caoithúlacht na gcomhaltaí a d'aontaigh taca a thabhairt don obair atá ar siúl againn.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí bhaill aonair den fhoireann luaite faoi cheannteidil eile sa tuarascáil. Tá sé tábhachtach a lua áfach gur fhoilsigh Continum International Publishing Group cnuasach aistí dar teideal *The Origin and Transmission of the Earliest Gospels: The Contribution of the Chester Beatty Codex P45* i rith na bliana, arna chur

in eagar ag Charles Horton, cnuasach a d'eascair as comhdháil na Leabharlainne, *The Word and its Beginning*. Bailítear le chéile san imleabhar an taighde is deireanaí ar bhunadh na soiscéal agus ar a dtarchur agus cuirtear ar fáil ann an t-aon treoir do Chester Beatty Codex P45 atá fós i gcló. Is saothar é ina bhfuil scríbhinní ó scoláirí cáiliúla a chuireann go mór le tuiscint an duine ar na soiscéil is luaithe.

Thug an Stiúrthóir a théarma mar Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann chun críche i Márta agus ceapadh é in athuair mar Chathaoirleach ar an gClár Discovery. In éindí lena chomhghleacaithe in Ollscoil Silpakorn i Bangkok cuireann sé an Clár Oideachais agus for-rochtana ASEMUS chun cinn ar bhonn leanúnach.

Dá mhéid taithí a fhaigheann na hIontaobhaithe ar a dhéine ó nádúr is atá an obair a bhaineann le taispeántais, le caomhnú, le fiosrúcháin a fhreagairt agus le freastal a dhéanamh ar thaighdeoirí is ea is mó atá siad ag fáil tuisceana ar neamhdhóthanacht fhoireann na Leabharlainne. Níl ach trí bhall d'fhoireann na gcoimeádaithe ann chun raon ollmhór na mbailiúchán a thabhairt faoina gcúram agus chun freastal a dhéanamh ar na héileamh a thagann chuig an Leabharlann agus is léir nach féidir tuilleadh moille a dhéanamh maidir le foireann bhreise a earcú.

Maidir le polasaithe for-rochtana na Leabharlainne tá Rannóg an Oideachais thar bheith tábhachtach ach níl san fhoireann faoi láthair ach Oifigeach Oideachais amháin agus faigheann an duine sin lámh cúnta ó eagraí páirtaimseartha an Chláir Dheonaigh. Is léir nach leor é sin agus ní mór ról oideachais na Leabharlainne a thabhairt chun suntais agus tacaíocht a thabhairt dó trí bhreis foirne a earcú.

Is iad na caomhnóirí amháin a chinntíonn trína saineolas agus tríd an gcúram síoraí a thugann siad dóibh go gcoinnítear folláin na bailiúchán agus is mian leis na hIontaobhaithe aird a tharraingt ar an bhfíoras gurb iad ranníocaíochtaí deonacha agus fíorbheagán eile a choinníonn an Saotharlann Chaomhantais ar siúl. Fáiltítear roimh an urraíocht a tháinig ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta mar chuid den airgeadú breise a d'fhógair an tAire i mí na Samhna. Tá an cúram a thugtar do na taispeántáin le linn an taispeántais agus an stórais thar bheith tábhachtach agus admhaíonn na hIontaobhaithe ról tábhachtach fhoireann na bhfreastalaithe (Albert Mason, James Curran agus John Madden) go háirithe maidir le taispeántáin a ghléasadh agus a chur i mboscaí. Bíonn ról tábhachtach ag an uasal Curran agus ag an uasal Mason maidir le gléasadh taispeántas.

Airgeadú agus Riarachán

Ba é €1.796,000 an bundeontas cúnaimh a fuair an Leabharlann i rith na bliana agus fiú dá mbainistítí go cúramach é ba dheacair an institiúid a choinneáil ar siúl ar an liúntas sin.

Is é an dea-scéal áfach gur urraigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta Taispeántas Dürer agus gur chuir sí airgeadú ar fáil le haghaidh forbairtí caipitil laistigh den leabharlann agus le haghaidh caiteachas áirithe athfhillteach. Ba é an iarmhairt glan a bhí air sin gur ardaigh sé de 25% deontas cúnaimh na Leabharlainne.

Bhí Iníon Shalloo gnóthach i rith na bliana ag iarraidh thar aon rud eile clár na gcomhaltaí a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le cúnamh taca a fháil tráth nach raibh coinníollacha fabhrach d'urraíocht na n-ealaíon agus an chultúir. Is mór an obair a ghabhann le hullmhúchán tograí agus le haighneacht a dhéanamh ina leith

agus ní i gcónaí a bhíonn rath ar an obair sin. Ó thaobh pátrúin na hurraíochta in Éirinn faoi láthair agus in ainneoin rathúnas na tíre atá ag dul i bhfeabhas dealraíonn sé nach i dtreo na n-ealaíon agus an chultúir amhairc thraidisiúnta atá an ghluaiseacht agus is cúis imní an treocht sin. D'éirigh leis an Leabharlann áfach airgead a bhailiú ó dhaoine aonair agus ó fhondúireachtaí chun cúnamh taca a fháil don obair agus níl traoitheadh fós ar na hiarrachtaí atá sí a dhéanamh maidir leis sin.

D'éirigh leis an Leabharlann i rith na bliana na haidhmeanna uile a bhí aici maidir le Cuid a Dó de *Sustaining Progress Pay Agreement* a bhaint amach. Téann foireann na bhfreastalaithe i mbun a ndualgas éagsúil ar mhodh solúbtha agus is fiú é sin a lua.

Deacracht atá ag teacht chun cinn agus ar cúis imní do na hIontaobhaithe í is ea an méadú ar líon na réimsí ina mbíonn doiciméid ghéilliúntais mhionsonraithe de dhíth agus tá an Leabharlann ag iarraidh an riachtanas a riar ainneoin a laghad is atá an fhoireann riaracháin. Cé go bhfáiltíonn an Leabharlann leis an ngluaiseacht i dtreo níos mó cothromais agus íogaireachta sa tsochaí Éireannach tá sí den tuairim go dtiteann an t-ualach riaracháin maidir le géilliúntas go cothrom ar eagrais bheaga agus ar eagrais mhóra agus go bhfuil roinnt de na doiciméid a bhíonn ar an Leabharlann a chur i dtoll a chéile ceaptha d'eagrais mhóra seachas d'eagrais bheaga.

Níl sé de chumas ag an Leabharlann speisialtóirí laistigh den chóras riaracháin a ainmniú chun tabhairt faoi shaincheisteanna ina bhfuil call le hoifigeach lántiomnaithe go minic.

Níor éirigh leis an Leabharlann iniúcóir inmheánach oiriúnach a aimsiú i rith na bliana ach tá na hIontaobhaithe muiníneach go gceapfar duine oiriúnach i 2006 agus is é an

próiseas measúnaithe baoil a bheidh mar chéad tasc ag an té a cheapfar. Soiléireoidh an próiseas seo go mór an seasamh maidir le saincheisteanna um ghéilliúntas.

Ba mhór an chúis sásaimh an méid poiblíocht a fuair an Leabharlann sna meáin uile i rith na bliana agus bhí méadú suntasach ar líon na gcuairteoirí d'ainneoin a laghad is a caitheadh ar fhógraíocht. Tháinig 174,000 duine ar cuairt i 2005, méadú de 10,500 ar an líon a tháinig sa bhliain a chuaigh roimhe. Seod é an cúigiú bliain as a chéile a raibh méadú le sonrú ar líon na gcuairteoirí a tháinig chuig an Leabharlann.

Ar ghníomhaíochtaí tráchtála na Leabharlainne áirítear an siopa, seomraí a ligean ar cíos d'eagraíochtaí seachtracha agus saincheadú na bialainne. Is de réir conartha a shocraítear cíos na bialainne agus comhroinnt an bhrabúis agus d'fhan sé mórán mar a chéile i 2005. Bhí méadú ar an dtuilleamh i gcomórtas leis an mbliain roimhe ag an siopa agus ag próiseas ligthe ar cíos an áitribh (ba bhliain sách deacair 2004 ó thaobh trádála de). B'as siocair an comhoibrithe an rath ó thaobh tráchtála a bhí ar an Leabharlann agus an rath a bhí ar na taispeántais.

FOIREANN NA LEABHARLAINNE

Stiúrthóir Michael Ryan, MA Ph.D. PRIA FSA

Coimeádaí, Bailiúcháin an Iarthair: Charles Horton, MA, Diop. Staidéir Chartlainne

Coimeádaí, Bailiúcháin na hÁise Thoir: An Dochtúir Shane McCausland MA, PhD.

Coimeádaí, Bailiúcháin Ioslamacha: Elaine Wright, MA, M. Phil, D. Phil

Leabharlannaí Tagartha: Celine Ward, MA, MLIS

Oifigeach Oideachais: Jenny Siung, M.Litt, Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon, Ard-Dioplóma san Oideachas Aosach agus Pobail
Ardoifigeach Oibriúcháin: Derval O'Carroll, MA
Bainisteoir Teicniúil: Lorna Tracey, B.Sc.
Bainisteoir Airgeadais: Vera Greif
Bainisteoir Caomhnaithe: Jessica Baldwin
Bainisteoir Forbartha: Paula Shalloo
Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir: June Lattimore
Cúntóir Sinsearach Leabharlainne: Olivia Lardner, BA, Diop.LIS
Cúntóir Riaracháin: Sinéad Ward, MA, Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon
Bainisteoir Siopa: Antonella Barbati
Comhordnóir Ballraíochta: Janet Sheahan, Ard-Dioplóma Physio., Dioplóma i Riarachán Ealaíon
Comhordnóir Imeachtaí: Lisa Fitzsimons, MA
Comhordnóir Deonach: Rhoda Judge
Cúntóir Caomhnaithe: Laura Muldowney, MA
Cúntóir Caomhnaithe: Jill Unkel, BA., MS., M.Phil
Cúntóir um Chearta agus Atáirgeadh: Catherine Yvard

Cúntóirí Siopa

John Synnott
Justina Chmielewska
Aki Tsukioka
Rumiko Tsuji

Freastalaithe

Príomhfhreastalaí: Anthony Hutchings

Freastalaithe Sinsearacha: Albert Mason, Kevin Hackett

Freastalaithe: James Curran, John Madden, Joseph Doyle, Val Kavanagh, David Holmes-O'Byrne, Michael O'Neill, Tony Gallagher, Frank Hyland, Brendan Lynch

Treoraithe Turais

Delphine Kelly

Marian Grimes

Margaret Sheehy

Dorothy Dennis

Cathriona Russell

Jack FitzGerald

Ciaran O'Leary

Orla Ryan

Janet Martin

Michael O'Connell

Mary Dowling

Susan Dillon

Heidi O'Rourke

Cúntóirí Siopa

Ida Moloney

Philippa Towers

Triona Langan

Ionadaí Seirbhís Chuairteora

Alan Marshall

Colleen Pixley

Kathleen Hickey

Hiromi Anzai

Mairin Cullen

Margart Brady

Mary Neville

Maura Fennell

Rita Sutton

Tess Lee

Vera Murtagh

Cúntóirí Forbartha

Kathleen Farrington

Cúntóirí Oideachais

Andrea Dodd

Cúntóir Riaracháin

Amir Jina

Cúntóir Coimeádaithe

Lisa Lambert